



An tÚdarás Rialála
Seirbhíse Dlí
Legal Services
Regulatory Authority

Tuarascáil Bhliantúil 2019

Neamhspleáchas

Nuálaíocht

*Cosaint do
Thomhaltóirí*

*Trédhearcacht
agus Cuntasacht*



An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí
Legal Services
Regulatory Authority

FÍS

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a fhorbairt ina chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

MISEAN

An soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát.

CUSPÓIRÍ


1. Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.
2. Tacú le riar cuí éifeachtach an cheartais.
3. Leasanna tomhaltóirí a bhaineann leis an soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.
4. Iomaíocht a chur chun cinn sa soláthar seirbhísí dlí sa Stát.
5. Gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus éifeachtach a spreagadh.
6. Comhlíonadh na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí atá sonraithe in Acht 2015 a chur chun cinn agus a chothabháil.

Clár Ábhar

Réamhráite	5
<i>Brollach ón gCathaoirleach</i>	5
<i>Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin</i>	7
2019 ar Sracfhéachaint	9
Na Nithe a Dhéanaimid	10
<i>Comhaltaí den Údarás</i>	11
<i>An tEolas is Deireanaí ar Ghníomhaíochtaí an Údaráis sa bhliain 2019</i>	13
<i>Comhaltaí den Údarás</i>	15
Plean Straitéiseach 2018-2020	18
Dul Chun Cinn in aghaidh ár dTosaíochtaí Straitéiseacha	19
Tosaíocht 1 Údarás Rialála atá Éifeachtach agus Neamhspleách a Fhorbairt	19
<i>Gearáin a fuarthas ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2019</i>	19
<i>Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha</i>	24
<i>An Tobhach ar na Gairmeacha</i>	25
<i>Acmhainní Foirne</i>	25
Tosaíocht 2 Nuálaíocht a Bhaint Amach agus Samhlacha Nua um Sholáthar Seirbhísí Dlí á dTabhairt Isteach agus Taighde a Dhéanamh ar an Oideachas Dlí, ar Rochtain ar Cheartas agus ar Réimsí Eile	26
<i>Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a Thabhairt Isteach</i>	26
<i>Árachas Slánaíochta Gairmiúla</i>	27
Tosaíocht 3 Feasacht a Mhéadú trí Chumarsáid agus trí Chaidreamh	28
<i>Caidreamh le Geallsealbhóirí</i>	28
<i>Siompóisiam ar an Oideachas agus an Oiliúint Dlí</i>	30
An Fhoireann Ardbhainistíochta	33
Rialachas agus Struchtúr	35
Aguisíní	42
<i>Amlíne ina léirítear na Príomhócáidí agus na Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2019</i>	42
<i>Nóta Maoiniúcháin an Údaráis</i>	46

Bunluachanna

Is iad ceithre bhunluach a threoraíonn obair an Údaráis mar chomhlacht seirbhíse poiblí:



Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas de réir alt 21(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Is í seo an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach i ndáil le hobair an Údaráis ó bunaíodh é sa bhliain 2016.

Brollach ón gCathaoirleach



Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) don bhliain 2019 a chur i láthair. Is í seo an ceathrú tuarascáil bhliantúil ón Údarás agus is tuarascáil í ina bhféachtar siar ar bhliain ghnóthach thábhachtach don Údarás.

Sa bhliain 2019, thug an tÚdarás roinnt athchóirithe tábhachtacha isteach sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát agus beidh tionchar buan leathan ag na hathchóirithe sin ar dhlí-chleachtóirí agus ar thomhaltóirí seirbhísí dlí.

Tosaíodh an fheidhm neamhspleách gearán do gach gearán maidir le haternaetha agus abhcóidí i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bhraith cuid mhór daoine gurbh ionann an fheidhm gearán agus bunchloch an Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, agus gur chloch mhíle thábhachtach í i bhfeidhmeanna an Údaráis a chur chun feidhme ina n-iomláine.

I mí na Samhna 2019, chuir sé áthas orm mo lámh a chur le rialacháin lena gcumasaítear do chomhpháirtíochtaí aturnaetha iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Tá an tsamhail sin um sholáthar seirbhísí dlí á héileamh ag a lán geallsealbhóirí tábhachtacha le fada an lá agus cumasaítear léi do dhlí-chleachtóirí in Éirinn leas a bhaint anois as samhail atá coitianta in áiteanna eile. Agus dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí á theorannú, leagtar freagrachtaí orthu árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla nua oibriúcháin a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe.

Sa bhliain 2019, lean an tÚdarás le hathbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí sa Stát. Ba tar éis don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais tuarascáil

mhionsonraithe taighde a chur faoina bhráid i mí Mheán Fómhair 2018 a chuaigh an tÚdarás i mbun comhairliúcháin fhairsinge le comhlachtaí gairmiúla dlí, le dlí-chleachtóirí, le hoideoirí agus le tomhaltóirí seirbhísí dlí.

I mí Mheán Fómhair, d'óstáil an tÚdarás siompóisiam ar an oideachas agus an oiliúint dlí i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail raon leathan acadóirí dlí ar an siompóisiam, in éineacht le hionadaithe ó chomhlachtaí gairmiúla agus ó ghnólachtaí dlí beaga, meánmhéide agus móra. Ghlac siad go léir páirt i ndíospóireacht dhúshlánach fhaisnéiseach, agus iad ag cur go mór léi.

D'eisigh an tÚdarás roinnt rialachán le linn na bliana. Áiríodh leo sin rialacháin maidir le hárachas slánaíochta gairmiúla, lenar leagadh síos den chéad uair riamh caighdeán íosta do na leibhéil chumhdaigh a gceanglaítear ar abhcóidí atá ag cleachtadh laistigh de Bharra na hÉireann agus lasmuigh de araon iad a chothabháil.

D'eisigh an tÚdarás Plean Straitéiseach trí bliana don tréimhse 2019-2022 freisin. Leagtar síos sa Phlean sin an treochlár don chéad trí bliana eile, ar lena linn a fhéachfaimid le tosach feidhme na n-alt atá fágtha d'Acht 2015 a thabhairt chun críche agus a chuirfimid tús leis an obair atá ar bun againn a thagarmharcáil ionas gur féidir linn spriocanna feidhmíochta atá réadúil agus uaillmhianach a shocrú.

Tháinig na comhaltaí den Údarás le chéile cúig huaire sa bhliain 2019 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile as an tiomantas, an caidreamh gníomhach agus an díograis a bhí mar shaintréith ag an gcur chuige a ghlac siad i leith obair an Údaráis le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis freisin as an ról tábhachtach a imríonn sé i mbainistíocht riosca agus as a chinntiú go gcoinnítear caighdeáin chuí rialachais chorparáidigh ar bun.

I mí na Nollag, tugadh cuairt don Údarás freastal ar chruinniú de chuid an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas maidir le costais dlí. Thug sé sin deis luachmhar dúinn aird a tharraingt ar an ról a bheadh ag an Údarás le himeacht ama i bhfeasacht an phobail a mhéadú ar na costais a bhaineann le seirbhísí dlí agus breacchuntas a thabhairt ar a ndéanfaimis amach anseo sa réimse sin.

Cé go raibh an bhliain 2019 ina ceann dúshlánach tábhachtach don Údarás, tá tuilleadh oibre le déanamh againn go fóill. Le linn na bliana 2020, tabharfar comhpháirtíochtaí dlí isteach, eiseofar rialacháin maidir le fógairt seirbhísí dlí, foilseofar tuarascáil eile maidir leis an oideachas agus an oiliúint dlí, foilseofar taighde agus tuarascálacha maidir le beartais iontrála na gairme dlí agus déanfar breithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart na gairmeacha a aontú. Foilseoidh an tÚdarás an chéad dá thuarascáil uaidh maidir le gearáin le linn na bliana freisin, ar tuarascálacha iad a fhoilseofar gach sé mhí.

Chonaic mé le mo shúile féin an obair chrua agus an tiomantas a chuireann foireann an Údaráis isteach agus níl aon amhras orm go dtabharfaidh sí aghaidh go díreach ar na dúshláin atá romhainn.

An Dr Don Thornhill
Cathaoirleach

Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá lúcháir orm an ceathrú tuarascáil bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a chur i láthair faoi alt 21 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Agus an méid sin á dhéanamh agam, cuireann sé áthas orm tuairisc a thabhairt ar bhliain inar cuireadh gníomhaíocht nach beag i gcrích agus inar baineadh nuálaíocht agus athchóiriú nach beag amach.

Nuair a thug mé tuairisc ar ghníomhaíochtaí an Údaráis sa bhliain 2018, bhíomar fós inár n-eagraíocht an-bheag a raibh níos lú ná deichniúr ball foirne aici. Tar éis dúinn ceadú a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Iúil, tharla sé sa bhliain 2019 gur thosaigh an tÚdarás ag earcú na mball foirne a theastaíonn chun na feidhmeanna reachtúla atá againn a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, bhíomar in ann an próiseas reachtúil a chur i gcrích ar faoina bhun a aistríodh baill foirne de chuid an Dlí-Chumainn chuig Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach an Údaráis. Próiseas casta ba ea baill foirne a aistriú faoi Acht 2015. Mar sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne thiomanta i Rannóg Acmhainní Daonna an Dlí-Chumainn, a chabhraigh go mór le toradh rathúil a ghnóthú.

Bhí 27 mball foirne ag an Údarás ag deireadh na bliana 2019 agus bhí lúcháir orm fáilte a chur roimh ár gcomhghleacaithe nua – lena áiríodh Ardbhainisteoirí nua an Údaráis, a bhfuil a mbeathaisnéis le fáil níos déanaí sa tuarascáil seo – agus obair in éineacht leo.

Bhí cuid mhór buaicphointí, eachtraí tábhachtacha agus clocha míle ann le linn na bliana. Áirítear leo sin: lámh a chur leis na chéad tacair rialachán

lena gcumasaítear athchóirithe faoin Acht; Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a thabhairt isteach; an clár um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a bhunú; agus an chéad tobhach ar an ngairm dlí a bhailiú go rathúil.

Bhí dhá fhorbairt ar leith ann atá mar fhianaise ar mheanma agus éiteas fhoireann an Údaráis. Ba é an chéad cheann díobh ná an siompóisiam an-rathúil ar an oideachas agus an oiliúint dlí, rud a tionóladh i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2019. Cuireadh méid ollmhór oibre isteach sa siompóisiam a eagrú agus ina chinntiú go mbainfí cothromaíocht amach idir faisnéis a thabhairt do rannpháirtithe agus díospóireacht a spreagadh ina measc. Bhí lúcháir orm aiseolas rídhearfach a fháil ó na daoine a bhí i láthair. Cuirfear an fhianaise a bailíodh le chéile i dtuarascáil nua ar an ábhar, a chuirfear faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2020. Tá cuntas iomlán ar an siompóisiam ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil seo agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine a d'fhreastail ar an siompóisiam agus a rannchuidigh leis, lena n-áirítear na héascaitheoirí, ár n-oibrithe deonacha ar mic léinn iad, ár spreagchainteoirí agus, ar ndóigh, an fhoireann bheag san Údarás a d'oibrigh chomh crua sin chun ócáid rianúil a chinntiú.

Ba é an dara forbairt ná sásra nua gearán an Údaráis a thabhairt isteach. Ba an 7 Deireadh Fómhair 2019 a thosaigh an tÚdarás ar ghearáin in aghaidh aturnaetha agus abhcóidí a fháil agus a imscrúdú faoi Chuid 6 den Acht.

Bhí tosach feidhme Chuid 6 ar an gcéim dheiridh den ullmhúchán fairsing mionsonraithe a rinneadh, rud a raibh anailís agus léarscáiliú uileghabhálach ar phróisis ghearán i gceist leis. D'éirigh leis an bhfoireann i Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach an Údaráis aghaidh a thabhairt go díreach ar gach dúshlán a tháinig chun cinn agus tá siad ag obair go dícheallach anois chun a chinntiú go ndéileálfar go héifeachtach éifeachtúil le gearáin agus go ndéanfar amhlaidh ar bhealach atá daonnachtúil agus tuisceanach. Tá tuilleadh mionsonraí faoin líon gearán agus faoin gcineál gearán a fuarthas agus faoi na treochtaí atá ag teacht chun cinn leagtha amach sa tuarascáil seo. Cé go bhfuilimid fós sa luathchéim den chóras nua gearán, is údar misnigh é go bhfuil tomhaltóirí agus dlí-chleachtóirí araon ag plé go dearfach leis na forálacha reachtúla nua, rud a chabhraíonn le gearáin a réiteach go luath agus go neamhfhoirmiúil.

Chuir sé lúcháir orm freastal ar roinnt ócáidí le linn na bliana. Thug sé sin deis dom bualadh le comhaltaí den ghairm dlí agus leis an bpobal agus labhairt faoin obair a dhéanann an tÚdarás agus faoi na nithe atá beartaithe againn a dhéanamh amach anseo. Táim an-bhuíoch de na Comhlachais Bharra ar fud na tíre a thug cuireadh dom labhairt ag seimineáir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus

próifíl obair an Údaráis a ardú. Leanfaidh an tÚdarás lena chuid oibre ina leith sin a sheoladh agus a fhorbairt.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Smith & Williamson as cuireadh a thabhairt dom labhairt don dara bliain as a chéile ag seoladh an tsuirbhé bhliantúil dá chuid ar ghnólachtaí dlí agus as an méid sin a dhéanamh nuair a bhí mórghníomhaíocht ar bun ag an Údarás.

Táim buíoch arís eile d'fhoireann agus lucht bainistíochta an Dlí-Chumann, Bharra na hÉireann agus Chumann Onórach Óstaí an Rí as a gcuid caidrimh agus cúnamh. Cé go bhfuil neamhspleáchas an Údaráis ar an rud is tábhachtaí i ngach a ndéanaimid, ní féidir linn rialáil éifeachtach rathúil a bhaint amach inár n-aonar. Mar sin, táim buíoch de na comhlachtaí gairmiúla dlí as a gcuidreamh leanúnach.

Mar fhocal scoir, táim, agus beidh mé go deo, faoi mhórchomaoín ag gach ball foirne de chuid an Údaráis. D'fhásamar go suntasach mar fhoireann thar an mbliain 2019 agus is mórchúis áthais dom gur éirigh linn an cur chuige dearfach, nuálach agus comhoibríoch atá mar shaintréith ag an Údarás ón tús a chothabháil. Is cur chuige é sin a rachaidh chun tairbhe dúinn sna blianta atá romhainn.

Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine den fhoireann.

An Dr Brian J. Doherty
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

2019 ar Sracfhéachaint

GHLAC
100 DUINE
PÁIRT INÁR
SIOMPÓISIAM
AR AN OIDEACHAS AGUS
AN OILIÚINT DLÍ



TÁ
2,735
ABHCÓIDE
CHLEACHTACHA
AR AN ROLLA



D'FHREASTALAÍOMAR AR
CHRUINNÍÚ DE CHUID AN
CHOMHCHOISTE
OIREACHTAIS

UM DHLÍ AGUS CEART
AGUS COMHIONANNAS
MAIDIR LE COSTAIS DLÍ



ÓN 1 SAMHAIN, FUAIREAMAR

82 IARRATAS AR ÚDARÚ
CHUN OIBRIÚ MAR
CHOMHPHÁIRTÍOCHT
DLITEANAIS THEORANTA

– ÚDARAÍODH **28** nGNÓLACHT



Ó MHÍ DHEIREADH
FÓMHAIR GO MÍ NA
NOLLAG, FUAIREAMAR

954

CINN DE GHLAONNA
TEILEAFÓIN AGUS DE
RÍOMHPHOIST
INAR IARRADH FAISNÉIS
AGUS/NÓ FOIRMEACHA
GEARÁIN

OSCLAÍODH
611
CHOMHAD
MAR FHIOSRUITHE



RANGAÍODH
304
CHOMHAD MAR
GHEARÁIN TAR ÉIS
RÉAMH-ATHBHREITHNIÚ
A DHÉANAMH ORTHU
– BHAIN **301** CHEANN
LE HATURNAETHA AGUS
BHAIN **TRÍ** CINN LE
HABHCÓIDÍ

Na Nithe a Dhéanaimid

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí mar rialálaí neamhspleách ar na gairmeacha dlí an 1 Deireadh Fómhair 2016. Oibríonn an tÚdarás chun leas an phobail ar mhaithe le costais dlí a dhéanamh níos trédhearcaí, ar mhaithe le rochtain agus iomaíocht a fheabhsú agus ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta imleora i bhfeidhm le haghaidh aghaidh a thabhairt ar ghearáin ó thomhaltóirí.

Tá aon fheidhm ghinearálta dhéag ag an Údarás faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 ('an tAcht'), is iad sin:

1. Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Aire ina leith:
 - a. na ceanglais iontrála atá i bhfeidhm ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;
 - b. an fháil ar an oideachas agus an oiliúint, lena n-áirítear an oiliúint leanúnach, d'aturnaetha agus abhcóidí agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna sin;
 - c. na beartais atá i bhfeidhm ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí i dtaca leis an iontráil agus/nó an teidlíocht chun cleachtadh;
 - d. cóid ghairmiúla;
 - e. an dóigh a n-eagraítear an soláthar seirbhísí dlí sa Stát.
2. Faisnéis a scaipeadh faoi cheanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus faoi aon nithe eile dá dtagraítear thuas, de réir mar is cuí leis an Údarás.
3. An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a theastaíonn a shonrú.
4. Córas imscrúdaithe ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riar chun críocha an Achta.
5. Gearáin in aghaidh dlí-chleachtóirí a fháil agus a imscrúdú.
6. Rolla na n-abhcóidí cleachtacha a bhunú agus a chothabháil.
7. Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.
8. An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí dlí a sholáthar, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.
9. An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí dlí a sholáthar agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.
10. Tabhairt faoi thionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le seirbhísí dlí a sholáthar, nó tionscadail agus gníomhaíochtaí den sórt sin a choimisiúnú nó cuidiú leo, ar nithe iad a d'fhéadfadh feasacht an phobail a mhéadú agus feabhas a chothú sna caighdeáin a leantar le linn seirbhísí dlí a sholáthar, agus moltaí a dhéanamh don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
11. Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht a chomhlíonadh.

Comhaltaí den Údarás

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 de bhua I.R. Uimh. 507 de 2016 de réir alt 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 Chomhalta a ainmnítear de réir alt 9 den Acht. Tá móránh agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó dheich n-eagraíocht. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun

neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus na tomhaltóirí sin a bhaineann leas as seirbhísí dlí-chleachtóirí. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí ainmniúcháin:

Ainmniúcháin chuig Comhaltas den Údarás

Eagraíocht	An Líon Ainmniúchán
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	1
An tÚdarás um Ard-Oideachas	1
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	1
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	1
Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí	1
Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann	1
Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)	1
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	1
Cumann Onórach Óstaí an Rí	1
An Dlí-Chumann	2

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí dlí a sholáthar,
- An t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí,
- An dlí iomaíochta agus an beartas iomaíochta,
- Caighdeán a chothabháil i ngairmeacha a ndéanann comhlacht reachtúil rialáil orthu,

- Nithe gnó agus tráchtála,
- Na riachtanais atá ag tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann an Údaráis a chuireann feidhm feidhmiúcháin an Údaráis i gcrích. Is é an Dr Brian Doherty an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is é Ultan Ryan an Rúnaí don Údarás.

Comhaltaí den Údarás - Téarmaí Oifige

Comhalta den Údarás	Eagraíocht	Téarma Ceapacháin ¹	Dara Téarma Ceapacháin ²
Angela Black	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	4 Bliana	-
Don Thornhill (Cathaoirleach)	An tÚdarás um Ard-Oideachas	4 Bliana	-
Deirdre McHugh	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	3 Bliana	3 Bliana
Gerry Whyte	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	4 Bliana	-
Stephen Fitzpatrick	Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí	3 Bliana	3 Bliana
Dermott Jewell	Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann	3 Bliana	3 Bliana
Sara Moorhead ³	Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)	3 Bliana	3 Bliana
Joan Crawford	An Bord um Chúnammh Dlíthiúil	4 Bliana	-
Eileen Barrington	Cumann Onórach Óstaí an Rí	4 Bliana	-
James MacGuill	An Dlí-Chumann	4 Bliana	-
Geraldine Clarke	An Dlí-Chumann	3 Bliana	3 Bliana

1. Faoi alt 10 d'Acht 2015, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 4 bliana.
2. Chomhaontaigh comhaltaí a bhí ar théarma 3 bliana a dtéarma a fhadú go ceann 3 bliana eile faoi alt 10 d'Acht 2015.
3. Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barniville a cheapadh chun na hArd-Chúirte. Bhí an ceapachán sin le maireachtáil ar feadh an téarma a bhí fágtha den cheapachán bunaidh.

An tEolas is Deireanaí ar Ghníomhaíochtaí an Údaráis sa bhliain 2019

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain 2019, agus corp suntasach oibre á chur i gcrích aige chun leanúint leis an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a fhorbairt. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin an Údaráis na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

Cheadaigh an tÚdarás na nithe seo a leanas ag an gcéad chruinniú dá chuid sa bhliain 2019: plean fórsa saothair na heagraíochta; an cód iompair don Údarás; rialacháin ghinearálta maidir le Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta; agus rialacháin maidir le hárachas slánaíochta gairmiúla. Cheadaigh an tÚdarás an plean le haghaidh gníomh leantach a dhéanamh i leith Thuarascáil Alt 34 ar an Oideachas agus an Oiliúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí, lenar áiríodh pleananna le haghaidh siompóisiam a thionól i mí Mheán Fómhair 2019.

Cheadaigh an tÚdarás na nithe seo a leanas ag an dara cruinniú dá chuid sa bhliain 2019: an Tuarascáil Bhliantúil uaidh don bhliain 2018; an cód cleachtais d'abhcóidí cleachtacha; agus pleananna le haghaidh comhairliúchán poiblí a reáchtáil ar an bhfógairt seirbhísí dlí. Chomh maith leis sin, cheadaigh an tÚdarás na Dréacht-Ráitis Airgeadais uaidh don bhliain 2018 agus an sásra agus an mhodheolaíocht don tobhach ar an ngairm sa bhliain 2019.

Cheadaigh an tÚdarás na nithe seo a leanas ag an tríú cruinniú dá chuid sa bhliain 2019: dul chun cinn ar bhaill foirne a aistriú ón Dlí-Chumann chuig an Údarás agus chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí; an clár cur chun feidhme do Chuid 6 (Gearáin); agus áitreabh fadtéarmach a áirithiú don Údarás. Chomh maith leis sin, thug an tÚdarás faoi deara gur críochnaíodh iniúchadh inmheánach ar

rialuithe inmheánacha an Údaráis don bhliain 2018, chuir sé tús le próiseas féinmheastóireachta agus cheadaigh sé an ríomh agus an t-iniúchadh ar an tobhach don bhliain 2019 i dtaca le caiteachas an Údaráis sa bhliain 2018.

Ag an gceathrú cruinniú dá chuid sa bhliain 2019, cheadaigh an tÚdarás an Plean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2019-2021 lena chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cheadaigh an tÚdarás tabhairt chun críche na Rialachán faoi Alt 55 (Gearáin) agus nósanna imeachta an Choiste Gearán. Cheadaigh an tÚdarás Rialacháin Alt 98 (Tobhach) agus dul chun cinn ar na nósanna imeachta roghnúcháin don Choiste Gearán agus don Choiste Athbhreithnithe agus thug sé faoi deara an dul chun cinn a rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le ceapacháin chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.

Ag an gcúigiú cruinniú dá chuid sa bhliain 2019, thug an tÚdarás faoi deara gur cuireadh tús oibríochtúil le hobair an Aonaid Ghearán i mí Dheireadh Fómhair, gur eisíodh na Fógraí Tobhaigh don bhliain 2019 agus gur tugadh creat isteach le haghaidh Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na torthaí ó chomhairliúcháin agus ón siompóisiam ar an oideachas agus an oiliúint dlí agus cheadaigh sé creat le haghaidh tuarascáil eile a dhréachtú don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi alt 34 den Acht.

Cheadaigh an tÚdarás an Clár um Baill Foirne atá Údaraithe go Cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoi Acht 2015. Thug an tÚdarás faoi deara an caidreamh tosaigh leis an bPríomh-Bhreitheamh maidir leis an gCoiste Comhairleach um Paitinní Tosaíochta (ceapacháin chuig abhcóide sinsir) agus rinne sé athbhreithniú ar an gclár oibre don bhliain 2020.

Tugadh an Plean Fórsa Saothair don bhliain 2019 chun críche agus cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Plean ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2019. Tosaíodh ar chrofbhail foirne a earcú go díreach i Ráithe 3 ansin. Idteannta na gníomhaíochta earcaíochta sin, aistríodh baill foirne ón Dlí-Chumann chuig an Údarás ag deireadh mhí Lúnasa.

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2017 agus bhain sé comhlíonadh substaintiúil an chóid amach sa bhliain 2019.

Sa bhliain 2019, chuir an tÚdarás an dara tacar Ráiteas Airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2018 go mí na Nollag 2018 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. An 16 Nollaig 2019, thuairiscigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste gur tugadh sna Ráitis Airgeadais ón Údarás léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir

2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2019, bunaithe ar an gcomhairle agus ar an gcúnamh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Baineadh leas as na Creataí Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair.

Faoi alt 21(1) den Acht, déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, tuarascáil (dá ngairfear an Tuarascáil Bhliantúil) chuig an Aire agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, nó chuig aon Chomhchoiste Oireachtais a ghlacfaidh áit an Choiste sin, maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana roimhe sin.

Conas a Mhaoinítear Sinn

Ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2016, tá an tÚdarás ag brath ar réamh-mhaoiniú a fháil ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais de réir an Achta. I mí na Samhna 2019, d'eisigh an tÚdarás an chéad tobhach reachtúil ar dhlí-chleachtóirí. Thosaigh an tÚdarás ar ioncam a fháil freisin trí tháill a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a údarú.

Comhaltaí den Údarás ag a gcrúinniú an 20 Meitheamh 2019.

Sa phictiúr (ó chlé go deas): Eileen Barrington SC, Sara Moorhead, James MacGuill, an tOll. Gerard Whyte, Geraldine Clarke, Angela Black, Dermott Jewell, Deirdre McHugh, Don Thornhill (Cathaoirleach), Stephen Fitzpatrick, Joan Crawford.

Comhaltaí den Údarás



An Dr Don Thornhill – Cathaoirleach *An tÚdarás um Ard-Oideachas*

Déanann an Dr Don Thornhill cathaoirleacht ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí faoi láthair. Déanann sé cathaoirleacht ar Bhuanchoiste Ospidéal Mháithreachais Bhaile Átha Cliath freisin agus tá sé ina chomhairleoir agus ina shainchomhairleoir ar chúrsaí straitéise agus beartais. Bhí sé ina chomhalta den bhord ar roinnt comhlachtaí eile roimhe seo, lena n-áiríodh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Coláiste Hibernia, Bord Rialála na gCuntasóirí Cairte, Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochtaí, Foras Bainistíochta na hÉireann, Forfás, An Mol Digiteach, Coimisiún Fulbright agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Idir na blianta 1993 agus 2005, bhí sé ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus, ina dhiaidh sin, bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar an Údarás um Ard-Oideachas.



Eileen Barrington SC *Cumann Onórach Óstaí an Rí*

Tá Eileen Barrington ina céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Óstaí an Rí agus Choláiste na hEorpa, Brugge. Thosaigh Eileen ag cleachtadh mar abhcóide sa bhliain 1994 agus d'éirigh sí ina habhcóide sinsir sa bhliain 2011. Pléann sí go príomha le dlí na hEorpa agus leis an dlí tráchtála, riaracháin agus rialála.



Angela Black *An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh*

Tá Angela Black ina Príomhfheidhmeannach ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá Angela cáilithe i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus i riosca baincéireachta agus, ag obair di sa Roinn Airgeadais, ghnóthaigh sí taithí ar sheirbhísí airgeadais do thomhaltóirí. Tá taithí aici freisin ar idirbheartaíocht na hÉireann le Coimisiún an Aontais Eorpaigh. D'oibrigh sí ar sheirbhísí airgeadais sa Choimisiún Eorpach sa Bhruiséil ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2011 agus rinne sí cathaoirleacht ar an idirbheartaíocht i bParlaimint na hEorpa ar an treoir um chreidmheas morgáiste.



Geraldine Clarke

Dlí-Chumann na hÉireann

Tá Geraldine Clarke ina Comhpháirtí le Gleeson McGrath Baldwin Solicitors i mBaile Átha Cliath, áit a bpléann sí le réimse na dlíthíochta. Bhí sí ina hUachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann roimhe seo. Tá sí ina hiar-Chathaoirleach ar an gCoiste um Eitic Ghairmiúil de chuid an Chomhlachais Bharra Idirnáisiúnta agus d'fhóin sí mar chomhalta de Bhord Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.



Joan Crawford

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

Tá Joan Crawford ina Bainisteoir Réigiúnach leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Roimhe seo, bhí sí ina hAturnae agus, ina dhiaidh sin, ina hAturnae Bainistíochta in Ionaí Dlí éagsúla i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina cáil reatha, cabhraíonn Joan le beartas, rialachas agus straitéis a fhorbairt don Bhord, i measc nithe eile. Tá taithí aici sa chleachtadh ginearálta agus sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aici freisin ar an Dlí Teaghlaigh agus ar a bheith ag plé le cásanna Idirghabhála, Fuadach Leanaí agus Cúram Leanaí sna cúirteanna uile. Tá céim Mháistreachta ag Joan i mBainistíocht Phoiblí agus tá Dioplómaí aici i nDlí na hEorpa, sa Dlí um Chúram Leanaí agus sa Dlí um Meabhairshláinte agus Cumas. Tá sí ina comhalta de Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath agus den Chomhlachas Dlíodóirí Teaghlaigh.



Stephen Fitzpatrick

Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí

Tá Stephen Fitzpatrick ina chomhpháirtí bainistíochta le Peter Fitzpatrick & Co. Legal Costs Accountants. Is Idirghabhálaí agus Dlíodóir Costas é freisin. Bhí Stephen ina Rúnaí d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí roimhe seo. Tá sé ina chomhalta de bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ón mbliain 2016 amach agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis faoi láthair.



Dermott Jewell

Tá Dermott Jewell ina Chomhairleoir Beartais agus Comhairle do Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann. Toghadh é mar Uachtarán ar ANEC – Guth Thomhaltóirí na hEorpa sa Chaighdeánú i mí an Mheithimh 2019. Tá an tUas. Jewell ina chomhalta den Institiúid Cairte Eadrána (CIArb) (Craobh Éireannach) agus tá sé creidiúnaithe in Imscrúdú agus Idirghabháil Fostaíochta. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Idirghabhála na hÉireann agus d'Institiúid na Stiúrthóirí. Bhronn an Foras Riaracháin-an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Teastas Gairmiúil i Rialachas air le déanaí.



James MacGuill

Dlí-Chumann na hÉireann

Agus céim Bhaitsiléara aige sa Dlí Sibhialta ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, cháiligh James MacGuill mar atur nae sa bhliain 1986. Tá sé ag cleachtadh go leanúnach ó shin i leith, agus é ag plé go príomha leis an dlí poiblí. D'fhóin sé mar Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann roimhe seo (2007/2008) agus is é an Dara Leas-Uachtarán ar Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa faoi láthair.



Deirdre Mc Hugh

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Tá Deirdre McHugh ina Ceann um Ghnóthaí Idirnáisiúnta sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Bhí sí ina Ceann um Thathant sa Choimisiún roimhe seo agus tá taithí fhairsing aici i réimse an bheartais um iomaíocht agus um thomhaltóirí. Tá Diplóma Iarchéime ag Deirdre i nDlí Iomaíochta an Aontais Eorpaigh ó Choláiste an Rí, Londain. Tá MSc (Iomaíocht agus Rialáil) aici ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus tá céim Mháistreachta (Eacnamaíocht) aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Sara Moorhead SC

Barra na hÉireann

Tá Sara Moorhead ina hAbhcóide Sinsir agus ina hIdirghabhálaí Creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí. Oibríonn sí go príomha mar dhlíodóir trialacha/abhcóide seomra cúirte. Tá saineolas fairsing aici ar na réimsí seo a leanas: Athbhreithniú Breithiúnach; Díobhálacha Pearsanta; an Dlí Riaracháin agus Dlí na gConarthaí; Faillí Leighis; Faillí Ghairmiúil; an Dlí Árachais; agus an Dlí Neamhghíúiré, Tearmainn agus Inimirce. Rinne sí ionadaíocht don Rialtas in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir sí comhairle ar Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte agus ghníomhaigh sí mar Abhcóide Dlí i roinnt Binsí Fiosrúcháin freisin.



An tOll. Gerry Whyte

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tá Gerry Whyte ina Ollamh i Scoil Dlí na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sé ina údar agus ina chomhúdar ar leabhair ar dhlí leas an phobail, ar an dlí bunreachtúil agus ar an dlí ceadchumann. Rinne sé eagarthóireacht ar leabhair ar ghnéithe den dlí agus den chreideamh agus ar dhlí leasa shóisialaigh na hÉireann chomh maith. Tá sé gníomhach i roinnt eagraíochtaí ceartais shóisialta agus cúnamh dhlíthiúil.

Plean Straitéiseach 2018-2020

Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2018-2020, leagtar trí Thosaíocht Straitéiseacha síos don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí. Leagtar amach sa phlean na spriocanna agus na gníomhartha a shaothrófar chun na tosaíochtaí sin a chomhlíonadh, is iad sin:

TOSAÍOCHT 1

Údarás rialála atá éifeachtach agus neamhspleách a fhorbairt

TOSAÍOCHT 2

Nuálaíocht a bhaint amach agus samhlacha nua um sholáthar seirbhísí dlí á dtabhairt isteach agus taighde a dhéanamh ar an oideachas dlí, ar rochtain ar cheartas agus ar réimsí eile

TOSAÍOCHT 3

Feasacht a Mhéadú trí Chumarsáid agus trí Chaidreamh

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht an Údaráis in aghaidh na spriocanna agus na dtosaíochtaí sin le linn na bliana 2019.

An Dara Plean Straitéiseach 2019-2022

Sa bhliain 2019, d'eisigh an tÚdarás an dara Plean Straitéiseach uaidh, rud ina gcuimsítear an tréimhse ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2022. Rinneadh amhlaidh toisc gur ceanglaíodh ar an Údarás faoi alt 20 den Acht plean straitéiseach trí bliana a chur isteach laistigh de shé mhí ó chomóradh trí bliana lá bunaithe an Údaráis i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2020, rianófar feidhmíocht an Údaráis in aghaidh na dtosaíochtaí straitéiseacha atá sa dara Plean Straitéiseach don tréimhse 2019-2022.

Dul Chun Cinn in aghaidh ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

TOSAÍOCHT 1 *Údarás Rialála atá Éifeachtach agus Neamhspleách a Fhorbairt*

Láimhseáil Neamhspleách Gearán

Is í seo an chéad bhliain inar thug an tÚdarás tuairisc ar a fheidhm gearán sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh. Thosaigh an tÚdarás ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a fháil agus a imscrúdú an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht.

Faoin gcóras neamhspleách nua láimhseála gearán, tá an tÚdarás freagrach as déileáil le gearáin a rinneadh roimhe seo chuig na comhlachtaí gairmiúla d'aturnaetha agus abhcóidí – is iad sin, Dlí-Chumann na hÉireann agus Barra na hÉireann.

Leanfaidh an Dlí-Chumann agus an Barra le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a rinneadh chucu roimh an 7 Deireadh Fómhair 2019 agus déanfaidh siad amhlaidh go dtí go dtabharfar na himscrúduithe sin chun críche.

Bhí an tÚdarás gnóthach le linn na bliana 2019 agus í ag ullmhú do dhul i mbun na feidhme nua. Bunaíodh an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach go luath i mí Aibreáin 2019. Cuimsíonn an Rannóg dhá aonad: an tAonad Gearán agus Réiteach, atá ag feidhmiú go hiomlán anois, agus an tAonad Imscrúduithe, a chuirfear ar bun le linn na bliana 2020.

Ba é a bhí i gceist leis an obair ullmhúcháin ná próisis láimhseála gearán an Údaráis a bhunú ar aon dul leis an reachtaíocht. Mar chuid den obair sin, forbraíodh nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin, litreacha teimpléadacha agus foirmeacha.

Chomh maith leis sin, dhréachtaigh an tÚdarás na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Nósanna Imeachta Gearán): I.R. Uimh. 573 de 2019. Tháinig na Rialacháin sin i bhfeidhm an 15 Deireadh Fómhair 2019.

Cuireadh foirm gearáin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis lena híoslódáil. Cuireadh treoracha faisnéise – Ceisteanna Coitianta ar fáil freisin chun cabhrú le tomhaltóirí agus le dlí-chleachtóirí araon.

Tá an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach ag fás go seasta ó bunaíodh í. Bhí dháréag ball foirne san iomlán ag obair sa Rannóg ag deireadh na bliana 2019 agus tá cúigear eile le dul isteach inti go luath sa bhliain 2020.

Ceanglaítear leis an Acht go mbunófaí Coiste Gearán agus Coiste Athbhreithnithe agus bunaíodh an dá cheann díobh sa bhliain 2019. Tá móránh tuata ag an dá choiste agus meastar go mbeidh siad lánbhunaithe go luath sa bhliain 2020 ionas gur féidir leo na feidhmeanna reachtúla atá acu a chomhlíonadh.

Tuairisc a Thabhairt ar Ghearán agus Forais le Gearán a Dhéanamh

Faoi alt 73 den Acht, ceanglaítear ar an Údarás tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a fheidhme gearán gach sé mhí.

Féadfar gearán a dhéanamh ar na trí fhoras seo a leanas faoi Chuid 6 den Acht:

- bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh ar chaighdeán neamhleor;
- bhí méid na gcostas a d'iarr an dlí-chleachtóir iomarcach;
- rinne an dlí-chleachtóir gníomh nó neamhghníomh arb ionann é agus mí-iompar faoin Acht.

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht i gceist leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Is féidir le cásanna inar soláthraíodh seirbhísí dlí a bhí neamhleor de chineál substaintiúil nó inar iarradh costais a bhí ró-iomarcach teacht faoin sainmhíniú ar mhí-iompar san Acht freisin.

Ní fhéadfaidh ach cliant – nó duine atá ag gníomhú thar ceann cliant – gearán a dhéanamh leis an Údarás, i gcás go measfaidh an cliant go raibh na seirbhísí a soláthraíodh ar chaighdeán neamhleor nó go raibh na táillí a gearradh iomarcach. Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh leis an Údarás faoi mhí-iompar líomhnaithe ar thaobh aturnae nó abhcóide.

Maidir le gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht, rangaítear iad ina gcatagóirí difriúla i gcóras gearán an Údaráis. I gcás gearán ina líomhnaítear caighdeán neamhleora seirbhíse agus costais iomarcacha, taifeadtar iad bunaithe ar an réimse nó ar an gcineál oibre atá i gceist, lena n-áirítear dlíthíocht, tíolacadh, probháid agus an dlí teaghlaigh. I gcás gearán ina líomhnaítear mí-iompar, tá na catagóirí bunaithe ar chineál an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán.

Réiteach Neamhfhoirmiúil

Leis an Acht, cuirtear réiteach neamhfhoirmiúil i gcroílár phróiseas láimhseála gearán an Údaráis. I gcás go mbainfidh gearán le seirbhís neamhleor nó le táillí iomarcacha agus go measfar an gearán a bheith inghlactha, ceanglaítear leis an Acht ar an Údarás cuireadh a thabhairt do na páirtithe na nithe a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil, más féidir.

Réitíodh roinnt gearán ar bhealach neamhfhoirmiúil idir na páirtithe ag céim an-luath den phróiseas láimhseála gearán sa bhliain 2019. Réitíodh 14 ghearán san iomlán ag an gcéim réamh-inghlacthachta – is é sin le rá, sula ndearna an tÚdarás aon chinneadh ar cé acu a bhí nó nach raibh an gearán inghlactha. Is mórúdar misnigh é an méid caidrimh a dhéanann gearánaigh agus dlí-chleachtóirí leis an bhfoireann in aonad gearán an Údaráis ina leith sin.

Gearáin a fuarthas ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2019


Bhíothas ag coinne leis go mbeadh méadú ann ar an líon gearán a gheofaí tar éis don Údarás tús a chur lena fheidhmeanna faoi Chuid 6 den Acht. Bhí an choinne sin bunaithe ar an toimhde go raibh roinnt gearánach féideartha – a d'fhéadfadh gearán a dhéanamh ar shlí eile tríd an gcreat a bhí i bhfeidhm ag na comhlachtaí ionadaíocha cheana – ag fanacht go dtí go mbeadh an tÚdarás ar oscailt.

Fíoraíodh an méid sin mar thoradh ar an líon gearán a fuarthas ón 7 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019.

Le linn na tréimhse sin, fuair an tÚdarás 954 cinn de ghlaonna teileafóin agus de ríomhphoist inar iarradh faisnéis agus/nó foirmeacha gearáin. Osclaíodh 611 chomhad san iomlán mar fhiosruithe. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na comhaid sin, rangaíodh 304 cinn díobh mar ghearáin agus cuireadh iad faoi réir an phróisis reachtúil mheasúnaithe réamh-inghlacthachta ansin. Bhí an chéim sin fós ar siúl ag deireadh na bliana 2019.


De na 304 ghearáin a bhí ar láimh ag deireadh na bliana, bhain 301 cheann le haturnaetha agus bhain trí cinn le habhcóidí. Ba le caighdeán seirbhíse a bhain an chatagóir is mó gearán sa tréimhse 12 sheachtain. Fuarthas 141 ghearáin (46.4%) san iomlán ó chliant maidir le caighdeán neamhleora líomhnaithe seirbhísí dlí. Bhain 134 cinn eile (44.1%) le mí-iompar líomhnaithe. Líomhnaíodh i 29 ngearán (9.5%) gur iarradh costais iomarcacha.

Beag beann ar an tréimhse ama réasúnta gairid a bhí fágtha den bhliain 2019, thosaigh téamaí áirithe ag teacht chun cinn sna gearáin. Rud amháin a luadh i mbeagnach gach gearán ba ea cumarsáid. B'fhéidir nach ábhar iontais é sin. I gcás go mainneoidh dlí-chleachtóir freagra cuí a thabhairt agus saincheistean a mhíniú go sásúil do chliant, is dosheachanta an rud é go ndéanfar gearáin ansin.




Caighdeán Neamhleor Seirbhísí

Fuarthas 141 ghearán san iomlán á líomhain go raibh na seirbhísí díli a soláthraíodh ar chaighdeán neamhleor. Rud nach rabhthas ag súil leis, áfach, ba ea an t-ardlíon gearán a fuarthas maidir le probháid. Ba le riar eastát a bhain 45 ghearán san iomlán. Bhí an figiúr sin beagán níos airde ná an líon gearán a bhain le dlíthíocht (42) agus bhí sé i bhfad níos airde ná an líon gearán a bhain le tíolacadh (32) agus leis an dlí teaghlaigh (19).




Costais Iomarcacha

Líomhnaíodh i 29 ngearán gur iarradh costais iomarcacha. Ba le réimse na dlíthíochta a bhain 11 cheann de na gearáin sin. Bhain sé cinn le tíolacadh, bhain cúig cinn leis an dlí teaghlaigh agus bhain ceithre cinn le probháid.



Mí-iompar

Den 134 ghearán inar líomhnaíodh mí-iompar, bhain 18 gcinn leis an mainneachtain cumarsáid a dhéanamh, bhain 17 gcinn leis an mainneachtain cloí le gealltanais a tugadh do chomhghleacaí nó d'fhoras airgeadais, bhain 15 cinn leis an mainneachtain cuntas a thabhairt ar airgead cliant agus bhain 15 cinn le calaois nó mímhacántacht líomhnaithe.



Mainneachtain cumarsáid a dhéanamh	18	(13.4%)
Gealltanais	17	(12.7%)
Mainneachtain cuntas a thabhairt	15	(11.2%)
Calaois nó mímhacántacht	15	(11.2%)
An chúirt a chur ar míthreoir	8	(6.0%)
Mainneachtain comhaid a thabhairt ar láimh	7	(5.2%)
Táillí abhcóide	7	(5.2%)
Gearáin ilghnéitheacha, níos lú ná 5%	22	(16.3%)
Eile	25	(18.7%)
IOMLÁN	134	

Gearáin Eile

Bhain naoi ngearán san iomlán le gníomhaíocht choiriúil líomhnaithe. Bhain a bhformhór le líomhaintí a rinneadh in aghaidh rud a meastar gur gnólacht dlí bréagach é. Tarchuireadh na líomhaintí sin chuig an nGarda Síochána.

“Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as a bheith foighneach liom agus as mé a chur ar mo shuaimhneas thar an teileafón inniu agus as an bhfaisnéis atá ag teastáil uaim chun gearán a dhéanamh a sheoladh le ríomhphost chugam.”

“Go raibh maith agat as freagra éifeachtúil pras a thabhairt dom.”

“Táim an-bhuíoch díot agus de gach duine lena mbaineann as ucht bhur gcabhrach, bhur n-idirghabhála agus bhur dtacaíochta, toisc gur chuir an tsaincheist seo a lán struis orm thar na blianta.”

Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

Bunaíodh Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha an 28 Nollaig 2018 tar éis céim bunaithe sé mhí. Le linn na bliana 2019, rinne an tÚdarás an Rolla a chothabháil mar a cheanglaítear le halt 133(1) den Acht.

Is é atá sa Rolla ná clár inchuadaithe atá ar fáil don phobal. Cuimsíonn sé ainm na n-abhcóidí uile atá i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.

Áirítear leis abhcóidí inmheánacha atá i seirbhís lánaimsire an Stáit.

Tá an Rolla ina uirlis thábhachtach trínar féidir le daoine den phobal a bheith cinnte go bhfuil an t-abhcóide atá ag soláthar seirbhísí dlí thar a gceann i dteideal go dlíthiúil déanamh amhlaidh. Tá Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ina ghné riachtanach de ríomh agus riar an tobhaigh ar na gairmeacha dlí, rud atá ar phríomhshásra maoiniúcháin an Údaráis.

Tá sé ag teastáil go mór freisin le haghaidh na rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla a fhorfheidhmiú. D'eisigh an tÚdarás na rialacháin sin sa bhliain 2019. Tá an Rolla foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis agus nuashonraítear go rialta é.

Cé gur bunaíodh an Rolla go foirmiúil an 28 Nollaig 2018, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin an Údaráis den chéad uair i mí an Mheithimh 2019. Roimh an dáta sin, bhí sé ar fáil lena iniúchadh saor in aisce ag an bpobal ag oifigí an Údaráis, faoi mar a cheanglaítear le halt 133(2) den Acht.

Cuireadh 450 duine d'abhcóidí cleachtacha leis an Rolla le linn na bliana.

Mhéadaigh an líon abhcóidí ar an Rolla ó 2,285 dhuine an 1 Eanáir 2019 go 2,735 dhuine an 31 Nollaig 2019. Comhaltaí den Leabharlann Dlí ba ea 2,100 duine díobh sin. Rinne an tÚdarás caidreamh cuiditheach leis na hiontrálaithe nua agus choinnigh sé caidreamh dearfach ar bun le daoine a bhí cláraithe cheana.

Tosaíodh ailt 136 agus 137 den Acht an 16 Lúnasa 2019. Faoi alt 136, is cion coiriúil é nuair a sholáthraíonn duine neamhcháilithe seirbhísí dlí mar abhcóide cleachtach. Faoi alt céanna, is cion é seirbhísí dlí a sholáthar mura mbeidh ainm an duine ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

Cion eile faoi alt 137 den Acht is ea duine nach “abhcóide cáilithe” é nó í a bheith ag cur i gcéill gur abhcóide cáilithe é nó í.

Le linn na bliana 2019, d'fhreastail an tÚdarás ar abhcóidí a bhí ag iarraidh go gcuirfí iad leis an Rolla nó go ndéanfaí a sonraí a leasú nó a bhaint, de réir mar ba ghá. Bhí formhór na n-athruithe ar an Rolla ag teastáil tar éis na nGlaonna chun an Bharra a rinneadh i mí an Mhárta, i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair.

Is searmanas foirmiúil é an Glao chun an Bharra, áit a ligtear duine a bhfuil céim Abhcóide Dlí aige/ aici ó Chumann Onórach Óstaí an Rí isteach chun dul i mbun a (h)áite sa chúirt agus chun cleachtadh mar abhcóide sóisir.

Bhí an tÚdarás i dteagmháil le Cumann Onórach Óstaí an Rí agus le Barra na hÉireann ar fud na bliana chun cruinneas leanúnach an Rolla a chinntiú.

An Tobhach ar na Gairmeacha

Tar éis thosach feidhme Chuid 7 den Acht an 16 Lúnasa 2019, d'eisigh an tÚdarás na chéad fhógraí measúnachta tobhaigh uaidh chuig na comhlachtaí gairmiúla agus chuig abhcóidí áirithe sa bhliain 2019.

Dlí-Chumann na hÉireann, Barra na hÉireann agus abhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad, bhí siad go léir faoi réir an tobhaigh, a raibh mar aidhm leis na costais oibriúcháin agus na caiteachais riaracháin a thabhaigh an tÚdarás sa bhliain airgeadais 2018 a chumhdach.

I mí Lúnasa 2019, chinn an tÚdarás costais oibriúcháin agus caiteachais riaracháin an Údaráis don bhliain airgeadais 2018. Ina dhiaidh sin, ríomh sé an sciar a bhí iníoctha ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Dlí-Chumann iad.

Le halt 97 den Acht, tugtar díolúine do dhlí-chleachtóirí atá i seirbhís lánaimsire an Stáit.

Bhí an tobhach don bhliain airgeadais 2018 cothrom le €98.76 in aghaidh an dlí-chleachtóra.

An 6 Samhain 2019, rinne an tÚdarás, mar a cheanglaítear faoi alt 95 den Acht, Fógra Measúnachta Tobhaigh a eisiúint chuig gach comhlacht gairmiúil agus chuig an 158 n-abhcóide chleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad atá faoi dhliteanas i leith an tobhaigh. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le geallsealbhóirí sular eisigh sé na fógraí, agus é ag tabhairt faisnéis faoi na figiúirí a úsáideadh chun an tobhach a ríomh agus faoi mhéid an tobhaigh a bhí le híoc.

Bhí 99.6% den tobhach don bhliain airgeadais 2018 íoctha leis an Údarás ag deireadh na bliana 2019.

Acmhainní Foirne

Cuireadh Plean Fórsa Saothair an Údaráis i gcrích sa bhliain 2019. Cheadaigh an tÚdarás é agus cuireadh é faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí lena cheadú. Leagtar amach sa phlean na riachtanais foirne agus na riachtanais ghaolmhara mhaoiniúcháin a bheidh ag an Údarás sa tréimhse 2019-2021. Déantar soláthar ann do 51 bhall foirne chun an tÚdarás a chumasú an fheidhm reachtúil atá aige a chomhlíonadh. Nuair a bheidh sé ar bun, teastóidh ón mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, ar binse neamhspleách é, seisear ball foirne eile ar iasacht ón Údarás. Tugtar sa tábla thíos miondealú ar an líon foirne ag deireadh na bliana 2019 agus ar na folúntais atá ann faoi láthair.

Grád	Iomlán	Líon Foirne sa bhliain 2019	Folúntas
Rúnaí Cúnta	1	1	0
Príomhoifigeach	2	1	1
Príomhoifigeach Cúnta	6	5	1
Abhcóide Comhairleach Ghrád III	1	0	1
Aturnae Stáit	12	6	6
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	10	2	8
Oifigeach Feidhmiúcháin	3	0	3
Oifigeach Cléireachais	16	9	7
Iomlán	51	24	27

Tá an líon ball foirne ag teacht le socruithe postróinnte

Tosach Feidhme na nAlt den Acht

Thosaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais tuilleadh forálacha den Acht le linn na bliana, a fhágann go bhfuil formhór na bhforálacha den Acht tosaithe anois.

Tosaíodh 155 alt nua den Acht ina n-iomláine agus tosaíodh sé cinn díobh go páirteach. Tosaíodh an dá sceideal a ghabhann leis an Acht – Prionsabail a bhaineann le Costais Dlí agus Achtacháin a Aisghairtear – sa bhliain 2019 freisin.

TOSAÍOCHT 2

Nuálaíocht a Bhaint Amach agus Samhlacha Nua um Sholáthar Seirbhísí Dlí á dTabhairt Isteach agus Taighde a Dhéanamh ar an Oideachas Dlí, ar Rochtain ar Cheartas agus ar Réimsí Eile

Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a Thabhairt Isteach

II mí na Samhna 2019, thug an tÚdarás creat isteach lena gcumasaítear do chomhpháirtíochtaí aturnaetha atá cláraithe le Dlí-Chumann na hÉireann iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Tháinig sé sin sna sala ar an obair mhionsonraithe ullmhúcháin a rinne an tÚdarás le linn na bliana 2019.

Is é an aidhm atá leis an tsamhail nua gnó ná Éire a chur ar aon chéim le dlínsí eile ina bhfuil Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta á n-oibriú le roinnt blianta anuas. Tá acmhainneacht ag an tsamhail freisin iomaíocht a mhéadú sa mhargadh seirbhísí dlí, costais árachais slánaíochta gairmiúla a laghdú do Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus, ar an mbealach sin, costais dlí a laghdú do thomhaltóirí.

I gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta, tugtar dliteanas teoranta do na comhpháirtithe uile atá liostaithe ar an gClár um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus cosnaítear a gcuid sócmhainní pearsanta ar fhaillí na gcomhpháirtithe eile. Tá seans ann go mbeidh comhpháirtithe fós faoi dhliteanas i leith aon dliteanas a thiofadh as a ngníomhartha calaoise, mímhacántachta, mí-iompair nó coiriúlachta féin.

Tá an tsamhail sin um sholáthar seirbhísí dlí á héileamh ag a lán geallsealbhóirí tábhachtacha le fada an lá agus cumasaítear léi do

chomhpháirtíochtaí aturnaetha in Éirinn leas a bhaint anois as samhail atá coitianta in áiteanna eile. Agus dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí á theorannú, leagtar freagrachtaí orthu árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla nua oibriúcháin a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe.

Chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a lámh leis an ordú lena dtosaítear na hailt iomchuí d'Acht 2015 an 7 Deireadh Fómhair 2019. Chuir an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach ar an Údarás a lámh leis na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta) (Alt 130), 2019 (I.R. Uimh. 519 de 2019), an 23 Deireadh Fómhair 2019.

Thosaigh an tÚdarás ag glacadh le hiarratais ó chomhpháirtíochtaí aturnaetha ar údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta an 1 Samhain 2019.

Faoi 31 Nollaig 2019, d'iarr 175 ghnólacht dlí foirm iarratais ar údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta agus fuair an tÚdarás 82 iarratas bhailí agus thug sé údarú do 28 ghnólacht chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta.


Ceanglaítear le halt 125(9) den Acht ar an Údarás breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart údarú a thabhairt do ghnólacht iomchuí chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta laistigh de 60 lá ó fhoirm iarratais bhailí agus táille a fháil. Ba é 30 lá an meán-aga próiseála amhail an 31 Nollaig 2019.

Cuireadh leabhrán faisnéise maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Bhunaigh an tÚdarás an Clár um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta freisin, faoi mar a cheanglaítear le halt 126(1) den Acht. Uaslódáladh an clár sin ar shuíomh Gréasáin an Údaráis den chéad uair an 2 Nollaig 2019 agus leantar le é a nuashonrú ar bhonn rialta.

Sular osclaíodh an próiseas iarratais, cuireadh an-spéis in iúl in iarratas a dhéanamh ar údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Lean an tÚdarás le caidreamh cuiditheach a dhéanamh le hiarratasóirí tar éis an próiseas iarratais a oscailt, agus é ag tabhairt freagraí ar cheisteanna agus ag treorú iarratasóirí tríd an bpróiseas.

Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta - An tEolas is Deireanaí ar an Staid 2019



Árachas Slánaíochta Gairmiúla

An 14 Samhain 2019, d'eisigh an tÚdarás rialacháin maidir leis an árachas slánaíochta gairmiúla a theastaíonn ó abhcóidí cleachtacha.

Leis na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Árachas Slánaíochta Gairmiúla), 2019, leagtar síos téarmaí agus coinníollacha íosta don árachas slánaíochta gairmiúla nach mór do gach abhcóide cleachtach iad a chomhlíonadh.

Tá díolúintí ann laistigh de na rialacháin d'abhcóidí cleachtacha nach soláthraíonn seirbhísí dlí ach amháin mar fhostaí de chuid comhpháirtíocht aturnaetha agus d'abhcóidí cleachtacha nach soláthraíonn seirbhísí dlí ach amháin mar chuid dá bhfostaíocht laistigh den Stát d'fhostóir nach dlí-chleachtadh é.

Faoi mar a fhoráiltear dó le halt 46(3) den Acht, cheadaigh an tÚdarás an ghrúpscéim um árachas slánaíochta gairmiúla d'abhcóidí cleachtacha laistigh de Bharra na hÉireann mar scéim atá ag teacht le Rialacháin 2019.

I mí na Samhna 2019, thug an Dr Brian Doherty, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, aitheasc ag seoladh an tSuirbhé Bhliantúil ar Ghnólaicthe Dlí Éireannacha arna reáchtáil ag Smith & Williamson agus thug sé an t-eolas is deireanaí don lucht freastail ar an gceat le haghaidh Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Tá sé sa phictiúr le Charles Flanagan, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus le Giles Murphy agus Paul Wyse ó Smith & Williamson.


TOSAÍOCHT 3

Feasacht a Mhéadú trí Chumarsáid agus trí Chaidreamh

Caidreamh le Geallsealbhóirí

Le linn na bliana 2019, lean an tÚdarás le caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí tábhachtacha san earnáil dlí, le comhlachtaí dlí agus comhlachtaí rialála eile agus le gníomhaireachtaí cosanta tomhaltóirí.

Rinne an tÚdarás caidreamh gníomhach le comhlachtaí gairmiúla chun breac-chuntas a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar phríomhfhorálacha an Achta a chur chun feidhme, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Dílteanaís Theoranta a thabhairt isteach, Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, agus rialacha nua a thabhairt isteach maidir le trédhearcacht costas.



Bhí cúig chruinniú ag an bPríomhfheidhmeannach leis an Dlí-Chumann sa bhliain, ar lena linn a tugadh an t-eolas is deireanaí. Bhí ceithre chruinniú aige le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath freisin. De bhreis air sin, thug an Príomhfheidhmeannach aitheasc ag seimineár ar eagraigh an Coiste um Rialáil Cleachtaí de chuid an Dlí-Chumainn é.

Chuir gach ceann de na heagraíochtaí ionadaíocha gairmiúla fearadh na fáilte romhainn agus thug siad a gcuid ama go flaitiúil chun a n-eolas agus a dtaithí a chomhroinnt, agus aird á tabhairt acu ar neamhspleáchas an Údaráis le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Rinne an tÚdarás caidreamh le Cumainn Bharra lasmuigh de Bhaile Átha Cliath freisin chun a chinntiú go mbeadh a gcomhaltaí ar an eolas faoin obair atá ar bun, chun rannpháirtíocht sna

comhairliúcháin phoiblí agus aighneachtaí ina leith a spreagadh agus chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhair inní nó ceisteanna a tháinig chun cinn i dtaca le tosú fheidhmeanna an Údaráis.



Mar chuid de chaidreamh leanúnach an Údaráis le geallsealbhóirí, thug an Príomhfheidhmeannach cainteanna ag roinnt ócáidí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar fud na tíre. Rinne comhlachtaí éagsúla óstáil ar na seisiúin sin. Áiríodh leo Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath; an Comhaontas Náisiúnta Aturnaetha; DWF, Baile Átha Cliath; Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit; Comhlachas Dlíthíochta Tráchtála na hÉireann; agus Comhlachais Bharra Aturnaetha réigiúnacha ar an gCabhán, i Sligeach agus ar an Longfort.

Pléadh topaicí éagsúla le linn na seisiúin sin. Áiríodh leo sin Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a thabhairt isteach; na próisis nua maidir le gearáin; an t-oideachas agus an oiliúint dlí a athbhreithniú; rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla; agus an t-eolas is deireanaí ar obair an Údaráis go dtí seo.

I mí na Nollag 2019, d'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus an Rúnaí don Údarás ar chruinniú de chuid an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, áit ar pléadh Rochtain ar Cheartas agus Costais Dí.

Lean na meáin náisiúnta le speis a léiriú in obair an Údaráis. Clúdaíodh a chuid oibre in The Irish Times, san Irish Examiner agus san Irish Independent. De bhreis air sin, tugadh an t-eolas is deireanaí go rialta dá gcomhaltaí in Iris Dhlí-Chumann na hÉireann agus in Athbhreithniú Barra Bharra na hÉireann ar obair an Údaráis agus ar chur chun feidhme phríomhfhórlacha an Achta.

I mí na Samhna 2019, chuir an tÚdarás liosta seachadta meán ar bun do na meáin chraolacháin, ar líne agus chlóite ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnach agus do shain-chomhfhreagrath.



Siompóisiam ar an Oideachas agus an Oiliúint Dlí

I mí Mheán Fómhair 2019, rinne an tÚdarás óstáil ar shiompóisiam lae ar an Oideachas agus an Oiliúint Dlí i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath chun breithniú a dhéanamh ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil athbhreithnithe neamhspleách ó Hook Tangaza, rud a cuireadh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 28 Meán Fómhair 2018 agus a leagadh faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas an 20 Samhain 2018.

Ceanglaíodh athbhreithniú ar an oideachas agus an oiliúint dlí faoi alt 34 den Acht. Choimisiúnaigh an tÚdarás Hook Tangaza, cuideachta taighde agus comhairle, chun an taighde riachtanach a dhéanamh agus chun tuarascáil a sholáthar ar na socrúithe reatha sa stát don oideachas agus an oiliúint dlí agus chun moltaí a dhéanamh le haghaidh athchóiriú féideartha.

Rinneadh 14 mholadh le haghaidh athchóiriú sa tuarascáil ó Hook Tangaza (féach leathanach 32). Áiríodh leo sin creat inniúlachta a thabhairt isteach le haghaidh an oideachais a chuirtear ar aturnaetha agus abhcóidí agus le haghaidh Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a thabhairt isteach, rud a mbeadh freagracht air as caighdeán a leagan síos agus a chothabháil i soláthar an oideachais agus na hoiliúna dlí.

Sa tuarascáil ón Údarás don Aire, rud a bhí ag gabháil leis an tuarascáil ó Hook Tangaza, luaigh an tÚdarás go mbeadh cumas ag na moltaí, dá gcuirfí chun feidhme iad, difear suntasach a dhéanamh don oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-



chleachtóirí agus don mhórearnáil seirbhísí dlí. Chuir an tÚdarás in iúl freisin nár cheart athrú chomh suntasach sin a dhéanamh ach amháin tar éis dul i mbun breithniú cúramach agus díospóireacht eolach ar gach ceann de na moltaí don athrú, ar a gcur chun feidhme beartaithe agus ar an tionchar a bheadh acu. Chuir an tÚdarás an tuarascáil uaidh faoi bhráid an Aire an 28 Meán Fómhair 2018.

Tháinig an siompóisiam ar an Oideachas agus an Oiliúint Dlí sna sála ar phróiseas céimnithe comhairliúcháin ina ndearnadh na moltaí ó Hook Tangaza a bhreithniú agus a phlé leis an Dlí-Chumann, le Cumann Onórach Óstaí an Rí, le Barra na hÉireann agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile. Tháinig an siompóisiam sna sála ar chomhairliúchán poiblí breise ar na moltaí leis an mórfhobal geallsealbhóirí, agus fuair an tÚdarás 30 aighneacht ina leith.

Rinne na téamaí a tháinig as an gcleachtadh comhairliúcháin bhreise eolas d'fhormáid agus struchtúr an tsiompóisiam. Chomh maith leis sin, díriodh ar na moltaí ó Hook Tangaza a bhreithniú agus ar bhealach ar aghaidh a iniúchadh. D'fhreastail 100 rannpháirtí san iomlán ar an ócáid.



Ceapadh maidin an tsiompóisiam chun an comhthéacs a shocrú le haghaidh plé ar an oideachas agus an oiliúint dlí agus forbhreathnú a thabhairt ar an staid reatha maidir le halt 34 agus ar an tionchar atá ag an oideachas agus an oiliúint dlí in Éirinn. Bhí an seisiún tráthnóna comhdhéanta de phlé éascaithe i measc thoscairí an tsiompóisiam ar na príomhthopaicí a d'eascair as obair an Údaráis ar alt 34.

Rinne Oonagh Buckley, LeasArd-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an siompóisiam a sheoladh. Thug Martin Shanahan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GFT Éireann, eochairáid ar Thábhacht an Oideachais agus na hOiliúna Dlí ón Taobh Idirnáisiúnta de. Thug an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis, an t-eolas is deireanaí ar an gcomhairliúchán poiblí agus ar na haighneachtaí breise a fuarthas. Thug Christopher Howard ó Scoil Dlí Dickson Poon, Coláiste an Rí, Londain, láithreoireacht ar na Dúshláin atá roimh an Oideachas Gairmiúil Dlí.

Sa seisiún tráthnóna, d'éascaigh an Dr Stephen Daly ó Scoil Dlí Dickson Poon agus an tOllamh Judith Skillen ó Ollscoil Nottingham sraith seisiún plé shuimiúil léirsteanaigh ar chreat inniúlachta a thabhairt isteach don oideachas agus an oiliúint dlí, ar Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a thabhairt isteach, ar cé acu ba cheart nó nár cheart d'aturnaetha oiliúint a fháil mar ghinearálaithe nó mar speisialtóirí agus ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun éagsúlacht a mhéadú i measc gairmithe dlí. Bhí mic léinn ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i láthair chun an plé agus na príomhphointí a tháinig chun cinn a thaifeadadh.

Ag teacht sna sála ar an gcomhairliúchán breise agus ar bhreithniú a dhéanamh ar na moltaí sa siompóisiam, cuirfidh an tÚdarás tuarascáil bhreise faoi bhráid an Aire sa bhliain 2020. Tabharfar breacchuntas inti ar na moltaí is cuí leis an Údarás maidir le soláthar an oideachais agus na hoiliúna dlí sa Stát.

“Maith sibh. Lá iontach a bhí ann. Bhí sé an-fhaisnéiseach. Is féidir libh anáil a tharraingt anois sula mbeidh oraibh na tuairimí uile a chomhdhlúthú!”

“D’fhreastail mé ar an siompóisiam inniu ar an Oideachas Dlí i mBaile Átha Cliath... táim ag scríobh chugat chun a chur in iúl duit gur mheas mé go raibh an láithreoireacht uait rífhaisnéiseach. Luigh sí le ciall agus bhí sí ag teacht lena bhfuil feicthe agam sa réimse seo le roinnt blianta anuas.”

“Táim ag cur glao ort chun comhghairdeas a dhéanamh leatsa agus leis an bhfoireann as ócáid dheaeagraithe inné. Déarfainn gur thóg sé a lán ama chun í a phleanáil agus is díol suntais é gur chloígh sibh leis an uainiú.”

Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar an Oideachas agus an Oiliúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí

Ag teacht sna sála ar chomhairliúchán poiblí, chuir an tÚdarás tuarascáil faoi alt 34 maidir leis an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí sa Stát isteach an 28 Meán Fómhair 2018.

Áiríodh leis an tuarascáil 14 mholadh a leag an fhoireann athbhreithnithe ó Hook Tangaza amach. Ba iad seo a leanas na moltaí ón bhfoireann Athbhreithnithe:

1. Ba cheart na hinniúlachtaí agus na caighdeáin a theastaíonn chun cleachtadh mar aturnaí nó abhcóide a shainiú go soiléir d'aturnaetha agus abhcóidí araon.
2. Ba cheart don Údarás ról agus freagrachtaí na ngeallsealbhóirí sa chóras oideachais agus oiliúna dlí a athchóiriú ach Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bhunú. Bheadh an Coiste sin freagrach as an ráiteas inniúlachta a leagan síos agus as sainiú a dhéanamh ar na caighdeáin a bhainfeadh dlí-chleachtóirí amach ar a gcáiliú. Cheanglódh an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí ar sholáthraithe oideachais dlí atá ann cheana a thaispeáint conas a chomhlíonann siad na caighdeáin agus thabharfadh sé deis do sholáthraithe nua a mhíniú conas a d'fhéachfadh siad leis na caighdeáin a chomhlíonadh.
3. Ba cheart creat creidiúnaithe agus bailíochtaithe a fhorbairt don oideachas agus an oiliúint dlí.
4. Ba cheart na cláir de chuid soláthraithe atá ann cheana agus soláthraithe nua a chreidiúnú in aghaidh an chreata inniúlachta.
5. Ba cheart comhlíonadh na gcaighdeán a chinntiú ach modheolaíochtaí measúnaithe a chur i bhfeidhm.
6. Ba cheart don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna dlí. Ba cheart ceanglas a chur ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna dlí próisis leanúnacha dearbhaithe cáilíochta a chothabháil.
7. Ba cheart an iontráil i gcláir oideachais dlí-chleachtóirí a bheith bunaithe ar inniúlachtaí sonraithe a bhaint amach de réir caighdeáin shainithe.
8. Ba cheart don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí tacar coiteann inniúlachtaí agus caighdeán a fhorbairt don iontráil sa Chúrsa Cleachtaidh Ghairmiúil agus sna cláir chéime abhcóide dlí atá ann cheana.
9. Maidir le céimithe nach céimithe dlí iad, ba cheart bealach eile a thabhairt dóibh chun dul isteach sa ghairm, seachas trí FE-1 (an Scrúdú Deiridh – an Chéad Chuid) amháin.
10. Is é an toradh a bheidh ar na bealaí eile i dtreo cáiliú ná go spreagfar éagsúlacht agus go méadófar rochtain.
11. Ba cheart na freagrachtaí iontrála atá ar chomhlachtaí gairmiúla a scaradh ón soláthar clár oideachais.
12. Ba cheart na socrúithe aistrithe idir na gairmeacha a athbhreithniú a luaithe a bheidh creat inniúlachta nua i bhfeidhm.
13. Ba cheart an próiseas le haghaidh aistrithe agus comhaontuithe eachtracha (lasmuigh den Aontas Eorpach) a mheasúnú in aghaidh an chreata inniúlachta nua, a luaithe a bheidh sé i bhfeidhm.
14. Ba cheart cláir forbartha gairmiúla leanúnaí a nascadh le creataí agus caighdeáin inniúlachta.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag www.lsra.ie

An Fhoireann Ardbhainistíochta



An Dr Brian Doherty *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Is é Brian Doherty Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 1996. Chleacht sé ar dtús i mBéal Feirste. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann ar bhunú na hOifige sa bhliain 2000. Bhí sé ar dhuine de na chéad imscrúdaitheoirí is sibhialtaigh, ag obair dó ar líomhaintí mí-iompair a rinneadh in aghaidh Chonstáblacht Ríoga Uladh ar dtús agus in aghaidh Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2007, thug sé faoin bpost mar oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sular ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir gníomhach Imscrúduithe. D'fhill sé ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann sa bhliain 2014 chun an Stiúrthóireacht Imscrúduithe Reatha a réachtáil. Chuaigh Brian i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an Údarás i mí Mheán Fómhair 2017.



Deirdre Fleming *Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha*

Ceapadh Deirdre Fleming mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá taithí shuntasach ag Deirdre ar sheirbhísí corparáideacha agus ar airgeadas laistigh den earnáil phoiblí, lena n-áirítear i dTithe an Oireachtais, sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus, rud ba dhéanaí fós, in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.



Nuala Haughey *Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta*

Ceapadh Nuala Haughey mar Cheann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta i mí na Samhna 2019. Tá cúlra Nuala fite fuaite san iriseoireacht agus san anailís beartais. Bhuaigh sí gradaim mar Chomhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta do The Irish Times agus tá taithí fhairsing aici mar shainchomhairleoir cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach. D'oibrigh Nuala mar stiúrthóir cumarsáide polaitiúla, mar anailísí beartais agus mar thaighdeoir freisin.



Padraig Langan

Ceann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí

Ceapadh Padraig Langan mar Cheann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí i mí Iúil 2018. Roimhe sin, d'oibrigh Padraig sa Phreasoifig sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Roimhe sin fós, d'oibrigh sé sa Rannóg Beartais Feola agus Bainne sa Roinn, áit ar ghnóthaigh sé taithí ar a bheith ag obair ar shaincheisteanna beartais. Tá Padraig ag obair san earnáil phoiblí le breis agus fiche bliain anuas.



Alison McIntyre

Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin

Ceapadh Alison Emily McIntyre mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus rachaidh sí i mbun an ról sin i mí an Mhárta 2020. Roimhe sin, bhí Alison ina Coimisinéir Cúnta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, áit ar oibrigh sí mar chomhairleoir dlí agus mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá taithí ag Alison ar obair a dhéanamh sa chleachtadh príobháideach agus in eagraíochtaí earnála poiblí.



Ultan Ryan

Rúnaí

Chuaigh Ultan Ryan isteach sa Státseirbhís sa bhliain 1985 agus d'oibrigh sé don Phríomh-Oifig Staidrimh sular ghlac sé leis an ról mar anailísí córas sa Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 1992. D'aistrigh Ultan chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2000, áit ar oibrigh sé ar thionscadail Cheartais Trasteorann. Áiríodh leis na ról sin an ról mar Rúnaí don Choimisiún Cuimhneacháin. D'oibrigh Ultan mar bhainisteoir tionscadail agus mar bhainisteoir oibríochtaí leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha sular aistríodh é chuig an Údarás i mí Eanáir 2017.



Tony Watson

Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach

Chuaigh Tony Watson isteach san Údarás i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sé ar an gCeann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlítheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán de Dhlí-Chumann na hÉireann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach san Údarás. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe.

Rialachas agus Struchtúr

Freastal ar Chruinnithe an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain 2019. Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Údaráis leagtha amach thíos:

Comhaltaí	21/02/19	04/04/19	20/06/19	05/09/19	14/11/19
Eileen Barrington	✓	✓	✓	✓	✓
Angela Black	✓	✓	✓	✗	✓
Geraldine Clarke	✓	✓	✓	✗	✓
Joan Crawford	✓	✓	✓	✓	✓
Stephen Fitzpatrick	✓	✓	✓	✓	✓
Dermott Jewell	✓	✓	✓	✓	✓
James MacGuill	✓	✓	✓	✓	✓
Deirdre McHugh	✓	✓	✓	✓	✓
Sara Moorhead	✓	✓	✓	✓	✓
Don Thornhill (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓
Gerry Whyte	✓	✓	✓	✗	✓

An Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca

Chuir an tÚdarás a Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca ar bun i lár na bliana 2018. Déanann Stephen Fitzpatrick, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis. Suíonn Angela Black agus Geraldine Clarke, comhaltaí den Údarás, ar an gCoiste freisin, i dteannta na gcomhaltaí seachtracha neamhspleácha den Choiste, mar atá Peter O'Brien agus Claire Byrne. Tá an Rúnaí don Údarás ar an Rúnaí don Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca freisin.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2019. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, déanann sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí an Údaráis, agus scrúdaíonn sé na bearta go léir atá déanta ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis chun na rioscaí a mhaolú. Ina theannta sin, déanann Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis athbhreithniú ar ráitis airgeadais agus faisnéis atá suas chun dáta ag gach cruinniú.

Déantar Clár Rioscaí, buiséad agus ráitis airgeadais an Údaráis a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

Comhaltaí	15/02/19	22/03/19	18/10/19	06/12/19
Angela Black	✓	✓	✓	✓
Claire Byrne	✓	✓	✗	✓
Geraldine Clarke	✓	✗	✓	✗
Stephen Fitzpatrick	✓	✓	✓	✓
Peter O'Brien	✓	✓	✓	✓

Socruithe Rialachais

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

Treoraítear creat rialachais an Údaráis leo seo:

- an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015;
- an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí.

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile, lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis;
- Téarmaí Tagartha don Údarás;
- Sceideal de nithe a tharmligtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;
- Beartas maidir le Nochtadh Cosanta;
- Beartas Cosanta Sonraí;
- Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca;
- Beartais agus Níosanna Imeachta Airgeadais;
- Beartas agus Níos Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna;
- Plean Straitéiseach 2020-2022; agus
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais;
- Clár um baill foirne atá údaraithe go cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoi Acht 2015.

- Cáirt um Sheirbhísí Ardchaighdeán;
- Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Ardchaighdeán.

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis i gcás inarb iomchuí.

Ról an Údaráis agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha don Údarás. Leagtar amach iontu na rólí faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhfheidhmeannach.

An tÚdarás:

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

- Treo straitéiseach agus mórfhleananna gníomhaíochta an Údaráis a athbhreithniú agus a threorú;
- A chinntiú go gcomhlíonfar gach cuspóir reachtúil is infheidhme;
- An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;
- Beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca;
- Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó;
- Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos;
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh;
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht.

An Príomhfheidhmeannach:

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reachtáil laethúil an Údaráis chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta an Údaráis.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go rialta ar gach gné d'oibriú an Údaráis, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach in Acht 2015. Sonraítear in alt 24(3) d'Acht 2015 go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

- (a) beartais agus breitheanna an Údaráis a chur chun feidhme,
- (b) foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,
- (c) bheith freagrach don Údarás as comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus
- (d) aon fheidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) den Acht.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheistean straitéiseacha agus dúshlán straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar an Údarás agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

Coinbhleachtaí Leasa

D'fhorbair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí “Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna”. I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do Chomhaltaí agus Fostaithe an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhfheidhmeannach a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil.

Meastóireacht Feidhmíochta

Sa bhliain 2019, rinneadh an dara meastóireacht féinmheasúnaithe ar fheidhmíocht an Údaráis, rud a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rinneadh an mheastóireacht trí bhíthin cleachtadh féinmheasúnaithe a bhí bunaithe ar an gceistneoir féinmheasúnaithe eiseamláireach atá leagtha amach sa Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba é soláthraí seirbhísí cuntasaíochta an Údaráis a riar an ceistneoir féinmheasúnaithe. Le linn an chruinnithe de chuid an Údaráis i mí na Samhna, pléadh na téamaí agus na ceachtanna a d'eascair as an bpróiseas meastóireachta féinmheasúnaithe. Níor tháinig aon saincheistean chun cinn.

Soláthar

Is leis an gCód Caiteachais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a threoraítear an ghníomhaíocht soláthair ar fad arna déanamh ag an Údarás. D'fhorbair Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais. Áirítear leis Beartas Ceannaigh agus Soláthair atá i gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Soláthar Poiblí ón Roinn

Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis na Treoirínte Soláthair Phoiblí d'Earraí agus Seirbhísí ón Oifig um Sholáthar Rialtais (Eanáir 2019).

Sa bhliain 2019, iarradh cead foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair ba ghá roimh thosú aon ghníomhaíochta soláthair. Tá an tÚdarás buíoch as an treoir agus an chabhair leanúnach a fhaigheann sé ón Oifig um Sholáthar Rialtais le linn dó tabhairt faoina chleachtaí soláthair.

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Ar fud na bliana 2019, bhí an tÚdarás i mbun teagmháil fairsing an athuair le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. An 13 Iúil 2018, shínigh an tÚdarás Comhaontú um Dhearbhu Rialachais Chorporáidigh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, faoi mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ghlac an tÚdarás an Cód sa bhliain 2017. Sa doiciméad sin, aithnítear neamhspleáchas an Údarais agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna agus leagtar amach ról an Údarais agus an Phríomhfheidhmeannaigh sna ceanglais rialachais a leagtar síos sa Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh.

Faoi mar a cheanglaítear leis an gComhaontú um Dhearbhu Rialachais Chorporáidigh, d'fhreastail an tÚdarás ar dhá chruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2019. Le linn na gcruinnithe sin, thug an tÚdarás an t-eolas is deireanaí maidir le rialachas inmheánach, soláthar foirne agus tuairisciú reachtúil. Thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an t-eolas is deireanaí maidir le nithe beartais, airgeadais agus reachtacha, lena áiríodh tosú na n-alt eile d'Acht 2015. Rinneadh plé freisin ar fhorchur an

tobhaigh agus ar fhorbairt na samhlacha nua le haghaidh seirbhísí dlí a sholáthar. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an tÚdarás ar chruinniú de chuid an Líonra Gníomhaireachtaí Sibhialta an 21 Deireadh Fómhair 2019 in oifigí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Le linn an chruinnithe, leagadh amach na struchtúir nua Roinne a d'eascair as an gClár Bunathraithe agus an dóigh a nascann siad leis na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

Lasmuigh de na Cruinnithe Rialachais a cheanglaítear leis an gCód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuirtear cruinnithe foirmiúla eile ar siúl ar bhonn rialta. Le linn na gcruinnithe sin, pléitear saincheisteanna comhleasa amhail an Plean Fórsa Saothair, Tuarascáil Alt 6 (Athbheithniú ar Oibriú Acht 2015), Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí Dlíteanais Theoranta a chur chun feidhme, an t-oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí, an fhógairt seirbhísí dlí, an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a chur ar bun, forálacha maoiniúcháin agus tobhaigh, agus Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

Tuairisciú Airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2019.

Chomhaontaigh na comhaltaí den Údarás buiséad bliantúil don bhliain 2019 ag an gcéad chruinniú dá chuid sa bhliain.

Chuir an Príomhfheidhmeannach cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údarais. Rinne na seirbhísí cuntasaióchta don Údarás cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údarais ar fud na bliana agus cuireadh i láthair an Choiste Feidhmiúcháin iad. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta

ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais. Soláthraíodh na cuntais bhainistíochta don Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca freisin lena n-íniúchadh.

Rinneadh Ráiteas Airgeadais bliantúil ar Chuntais an Údaráis don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 a ullmhú agus a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2019. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 16 Nollaig 2019. Ina dhiaidh sin, cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, mar aon le Litir Uirill shínithe, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus cóip den tuarascáil iniúcháireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

An Dlí Cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2019.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Thug an tÚdarás nósanna imeachta isteach chun a chinntiú go n-íocfaí gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil.

Cé go nglactar leis nach bhféadann nósanna imeachta a cheaptar chun comhlíonadh an Achta a chinntiú ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach mbeidh neamhchomhlíonadh ann, tabhaíodh táillí

íocaíochta déanaí i leith sé shonrasc sa bhliain 2019. Tháinig na cásanna sin chun cinn de bharr earráid cumarsáide riaracháin a rinneadh nuair a bhí na sonraisc á gcur ar aghaidh chuig an aonad corparáideach lena bpróiseáil. Réitíodh an fhadhb sin ó shin i leith.

B'ionann agus €2.89 iomlán na dtáillí íocaíochta déanaí a íocadh sa bhliain 2019.

Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Tá Beartas Cosanta Sonraí an Údaráis ar fáil ar a shuíomh Gréasáin.

Saoráil Faisnéise

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea an tÚdarás.

Tá Trédhearcacht agus Cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na ceithre bhunluach atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Ar aon dul le bunluach na trédhearcachta, foilsítear ar shuíomh Gréasáin an Údaráis na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Tá gealltanais tugtha ag an Údarás freisin go bhfoilseoidh sé gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis freisin gach ceann de na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Cuirtear faisnéis a bhaineann leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta le suíomh Gréasáin an Údaráis ar bhonn rialta. Is féidir na doiciméid go léir maidir le príomhbheartais inmheánacha a léamh ar an suíomh freisin.

Cuireadh leaganacha Gaeilge de dhoiciméid teorach ar fáil sa bhliain 2019.

Fuair an tÚdarás iarraidh amháin faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, sa bhliain 2019. Ba i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise a déileáladh leis an iarraidh sin.

Fuarthas líon mór ceisteanna ginearálta agus iarrataí ar fhaisnéis sa bhliain 2019. Ba le tosú sheirbhís gearán an Údaráis, le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha agus le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a bhain formhór na n-iarrataí ar fhaisnéis. Ba í an fhoireann tionscadail san Údarás a dhéileáil le cur chun feidhme na gclár agus na rollaí go léir a cheanglaítear faoin Acht a thug freagra ar na ceisteanna a bhain leis an Rolla agus le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta.

Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal agus ó chomhaltaí de na gairmeacha dlí, is é an Coiste Feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag an Údarás gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Rinne an tÚdarás Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a fhorbairt agus a thabhairt isteach.

Cuireadh an beartas sin le chéile agus aird á tabhairt ar an “Treoir faoi alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, d’fhonn cabhrú le comhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht” ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus i gcomhréir le dualgais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí sa bhliain 2019. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Comhlíonadh an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2017. Rinneadh anailís mhionsonraithe ar bhearnaí ar cheanglais an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur i láthair an Údaráis i mí na Samhna 2017 agus cuireadh socruithe rialachais i bhfeidhm ar fud na mblianta 2018 agus 2019 chun a chinntiú go gcomhlíonfaí an Cód.

Faoi dheireadh na bliana 2019, chomhlíon an tÚdarás an Cód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go hiomlán, gan an eisceacht seo a leanas a áireamh:

- Níl aon nós imeachta Fostaíochta nó Comhairleoireachta tar éis Scor/Éirí as Oifig forbartha ag an Údarás fós. Leagtar an ceanglas sin síos i mír 1.10 den Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Forbrófar an nós imeachta faoi dheireadh na bliana 2020.

Aguisíní

Amlíne ina léirítear na Príomhócáidí agus na Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2019

Dáta	Príomhghníomhaíocht
16/01/2019	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
16/01/2019	Cruinniú le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath inar tugadh an t-eolas is deireanaí
31/01/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht don Choiste um Rialáil Cleachtaí de chuid an Dlí-Chumainn, a raibh Bearnaí Rialála a Dhúnadh mar ábhar di
08/02/2019	Cruinniú Rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
12/02/2019	Cruinniú le Fo-Chisteoir nua Chumann Onórach Óstaí an Rí
15/02/2019	Cuireadh an Plean Fórsa Saothair ar cheadaigh an tÚdarás é faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
15/02/2019	An Tríú Cruinniú de chuid Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis
21/02/2019	An 15ú Cruinniú de chuid an Údaráis
27/02/2019	Cruinniú le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath inar tugadh an t-eolas is deireanaí
28/02/2019	Cuireadh na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2018 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
07/03/2019	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
08/03/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhlachas Barra an Chláir
22/03/2019	An Ceathrú Cruinniú de chuid Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis
02/04/2019	Comhairliúchán poiblí ar an bhfógairt seirbhísí dlí
05/04/2019	Cruinniú le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath inar tugadh an t-eolas is deireanaí
04/04/2019	An 16ú Cruinniú de chuid an Údaráis
10/04/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach don Chomhaontas Náisiúnta Aturnaetha
11/04/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath

Dáta	Príomhghníomhaíocht
25/04/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ag Scoil Dlí Sutherland, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
17/05/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag comhdháil an Chomhlachais Ghairmiúil Bharra Araíonachta Rialála i bhFoirgneamh na Drioglaine
23/05/2019	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
23/05/2019	Cruinniú le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath inar tugadh an t-eolas is deireanaí
11/06/2019	Cruinniú Rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
17/06/2019	Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Phlean Fórsa Saothair
20/06/2019	An 17ú Cruinniú de chuid an Údaráis
24/06/2019	Foilsíodh Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ar shuíomh Gréasáin an Údaráis
12/07/2019	Comhairliúchán Poiblí breise faoi alt 34 d'Acht 2015 ar an Oideachas agus an Oiliúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí
16/08/2019	Tosaíodh roinnt nithe faoi I.R. Uimh. 400 de 2019
16/08/2019	Tosaíodh an Comhairliúchán Poiblí faoi alt 218 (Fógairt Seirbhísí Dlí)
30/08/2019	Críochnaíodh an t-aistriú ball foirne ón Dlí-Chumann faoi alt 26 den Acht
05/09/2019	An 18ú Cruinniú de chuid an Údaráis
06/09/2019	D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí i nDún Éideann
17/09/2019	Na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Tobhach), 2019, faoi I.R. Uimh. 463 de 2019
19/09/2019	Siompóisiam ar an Oideachas agus an Oiliúint Dlí, Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath
25/09/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag Seimineár DWF dar teideal <i>Na Caighdeáin a Ardú, an Riosca a Laghdú</i>
02/10/2019	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí

Dáta	Príomhghníomhaíocht
04/10/2019	Cruinniú le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath inar tugadh an t-eolas is deireanaí
07/10/2019	Tosaíodh roinnt nithe faoi I.R. Uimh. 502 de 2019, lena n-áirítear Cuid 6 (Feidhm Gearán)
17/10/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag Seimineár Chomhlachas Dlíthíochta Tráchtála na hÉireann dar teideal <i>Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta: Rialáil agus Treochtaí Amach Anseo</i>
18/10/2019	An Cúigiú Cruinniú de chuid Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis
23/10/2019	Síníodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta) (Alt 130), 2019 (I.R. Uimh. 519 de 2019)
01/11/2019	Tugadh Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta isteach
01/11/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhlachas Aturnaetha Chontae an Chabháin
06/11/2019	Eisíodh Fógraí Measúnachta Tobhaigh i leith chostais na bliana 2018
06/11/2019	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
06/11/2019	Cruinniú Rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
08/11/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Thuras Lae Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath
12/11/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath
14/11/2019	Síníodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Árachas Slánaíochta Gairmiúla), 2019 (I.R. Uimh. 572 de 2019)
14/11/2019	Cruinniú Taiscéalaíoch le Frank Clarke, an Príomh-Bhreitheamh, ar na hullmhúcháin phraiticiúla le haghaidh Coiste Comhairleach um Paitinní Tosaíochta a chur ar bun
14/11/2019	An 19ú Cruinniú de chuid an Údaráis
18/11/2019	Eisíodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Nósanna Imeachta Gearán), 2019, faoi I.R. Uimh. 573 de 2019

Dáta	Príomhghníomhaíocht
21/11/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin óráid ag seoladh an 8ú Suirbhé Bliantúil ar Ghnólachtaí Dlí Éireannacha arna reáchtáil ag Smith & Williamson
29/11/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhlachas Barra an Longfoirt
02/12/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag ócáid i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath
02/12/2019	Fadaíodh an Comhairliúchán Poiblí faoi alt 218 (Fógairt Seirbhísí Dlí)
03/12/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Counsel Connect ag William Fry
04/12/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhlachas Barra Shligigh
06/12/2019	An Séú Cruinniú de chuid Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis
09/12/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caint ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag ócáid i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath
12/12/2019	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
18/12/2019	D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Rúnaí don Údarás ar éisteacht an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas ar Rochtain ar Cheartas agus Costais Dlí

Nóta Maoiniúcháin an Údaráis

Cuid 7: Tobhach a Fhorchur ar Chomhlachtaí Gairmiúla agus ar Abhcóidí Áirithe faoi chomhair Chaiteachais an Údaráis agus an Bhinse Araíonachta

Leagtar amach i gCuid 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, an tsamhail maoiniúcháin don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) agus don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí. Tugtar maoiniú trí bhíthin tobhach a fhorchur ar na gairmeacha faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tobhach ar an Dlí-Chumann
- Tobhach ar Chomhairle an Bharra (Barra na hÉireann)
- Tobhach ar gach abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí é nó í

Faoin tsamhail, cinnfidh an tÚdarás ag deireadh gach bliana airgeadais na costais oibriúcháin agus na caiteachais riaracháin don Údarás agus don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí araon. Miondealaítear na caiteachais tuilleadh mar a leanas: caiteachais Chuid 6; agus caiteachais nach mbaineann le Cuid 6. Baintear úsáid as foirmlí cionroinnte chun an tobhach atá le híoc in aghaidh an duine faoi na trí chatagóir thuas a dhéanamh amach.

Alt 32: Réamhíocaíochtaí ón Aire leis an Údarás

Ar aon dul leis an tsamhail maoiniúcháin faoi Chuid 7, alt 32 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, foráiltear do réamh-mhaoiniú a bheith á sholáthar ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais don Údarás. Toisc nach raibh aon sásra tobhaigh ann, bhí an réamh-mhaoiniú sin ríthábhachtach don Údarás le linn a chéime tionscnaimh.

Rinneadh réamhíocaíochtaí €1m an bhliain leis an Údarás idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2019, agus an dá bhliain sin san áireamh (€4m go dtí seo). Tá réamhíocaíocht bhreise ar fáil sa bhliain 2020 agus meastar go mbeidh ar an Údarás leas a bhaint as an maoiniú sin chun an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a chur ar bun.

Grúpa Oibre ar an tSamhail Maoiniúcháin

Sa bhliain 2019, d'fhostaigh an tÚdarás anailísí airgeadais chun an tsamhail maoiniúcháin a scrúdú, faoi mar a leagtar amach in Acht 2015. Cuireadh an tuarascáil ón anailísí airgeadais faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus cuireadh Grúpa Oibre ar an Tobhach ar bun chun breithniú a dhéanamh ar mholtaí le haghaidh an tsamhail a leasú chun go mbeadh an tÚdarás agus an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí in ann obair gan an gá le réamhíocaíochtaí alt 32 a fháil a luaithe a bheidh siad i mbun lánfheidhme.

Bhreithnigh an Grúpa roinnt roghanna a bhfuil mar aidhm leo maoiniú leordhóthanach inbhuanaithe a sholáthar don Údarás.

Athbhreithniú Alt 6 ar an Acht

Rinne an tÚdarás comhairliúchán agus athbhreithniú ar oibriú an Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, a chur i gcrích, faoi mar a cheanglaítear faoi alt 6 den Acht sin. Cuireadh Tuarascáil Alt 6 faoi bhráid Thithe an Oireachtais i mí an Mhárta 2019 agus leagtar amach inti moltaí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a d'eascair as an athbhreithniú.

I dtaca le maoiniú, molann an tÚdarás i dTuarascáil Alt 6 uaidh go leasófaí Cuid 7 den Acht chun maoiniú leordhóthanach inbhuanaithe a sholáthar chun go mbeadh an tÚdarás in ann a fheidhmeanna a chomhall agus a chuspóirí faoin Acht a chomhlíonadh.

Sa Chomhaontú reatha um Dhearbhuí Rialachais Chorporáidigh a ndeachaigh an tÚdarás agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais isteach ann sa bhliain 2018, pléitear na socruithe maoiniúcháin agus an gealltanas a thug an dá pháirtí go ndéanfaid siad breithniú iomlán ar an tuarascáil ar an anailís airgeadais ar an tsamhail maoiniúcháin. Leanann an tÚdarás le dul i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca leis an ábhar tábhachtach sin d'fhonn an cheist maoiniúcháin a réiteach sa bhliain 2020.





An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí

Legal Services
Regulatory Authority

Bosca OP 12906, Baile Átha Cliath 2
www.lsr.ie
lsra-inbox@lsra.ie